

Eleathanach282


Dé Luain 22 Eanáir 2018

Scéalta ceoil

Tá drochscéala agus dea-scéala againn daoibh an tseachtain seo. Ag tús na seachtaine bhain an scéala siar asainn go léir go bhfuair Dolores O'Riordan bás. Bhí sí sa ghrúpa mór le rá *The Cranberries*. Fuair sí bás maidin Dé Luain i Londain.

Dhíol *The Cranberries* níos mó ná daichead milliún dlúthdhiosca ar fud an domhain. Thaitin liricí agus guth Dolores le daoine ar fud an domhain. Bhí a glór an-difriúil, agus chan sí i gcónaí lena blas Éireannach. Dé Domhnaigh i Luimneach, a contae dúchais, chuaigh na mílte amach faoin mbáisteach chun a gcomhbhrón a léiriú.

Agus Dé Sathairn d'fhógair Ed Sheeran go bhfuil sé le pósadh. Chuir sé aithne ar Cherry Seaborn agus iad ar scoil. Thosaigh siad ag siúl amach le chéile sa bhliain 2015. Is duine an-spórtúil í Cherry. Imríonn sí haca ag leibhéal idirnáisiúnta le Sasana.



James McCarthy ag imirt le foireann na hÉireann.

Scéalta Spóirt

Dé Sathairn bhain timpiste uafásach do James McCarthy i lár an chluiche. Bhris sé a chos go dona. Timpiste iomlán a bhí ann, ach thosaigh an peileadóir eile Solomon Rondon ag caoineadh nuair a chonaic sé an gortú. Imríonn Solomon le West Bromich Albion.

Rugadh James McCarthy i nGlaschú in Albain. Tá cúlra Éireannach ag a thuistí. Tá sé seacht mbliana is fiche d'aois anois. Is imreoir sacair é agus imríonn sé i Learpholl i Sasana le hEverton. Imríonn sé ar fhoireann idirnáisiúnta na hÉireann freisin.

Is é Seamus Coleman captaen fhoireann na hÉireann agus anuraidh bhris sé a chos go dona freisin. Imríonn Seamus le hEverton freisin. Tá feabhas mór tagtha ar Sheamus ó shin agus ní fada go mbeidh seisean ar ais ag imirt arís.

Crosóg Mhara an-ársá faighte i gConamara

Sna 1980idí fuair an Dochtúir Éamon Doyle iontaise i gcarraig i gConamara. Ciallaíonn iontaise go raibh an rud beo uair amháin ach go bhfuil sé athraithe go cloch agus gafa sa charraig anois.

Níor fhéach eolaithe ar an iontaise go dtí anois. Crosóg mhara atá inti. Tá sí an-bheag agus tá sí 435 milliún bliain d'aois! Ní raibh na dineasáir féin ar an saol ag an am sin!!

Léiríonn sé sin go raibh Conamara - agus Éire iomlán - faoin bhfarraige fadó fadó. Agus tá gaolta leis an gcrosóg mhara fós beo i bhfarraigí na hÉireann agus gan mórán athraithe orthu ó shin.

